# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Lúnasa 2016

## San eagrán seo:


- Sárbhliain ag Éicea-Scoileanna TÉ
- Spriocdhátaí 2016/17 don Bhrat Glas
- Ambasadóir Éicea-Scoileanna
- Óglaigh de dhíth!
- Meabhrán agus Scéalta faoi Chláir
- Nuacht Scoileanna
- Nuacht na gComhairlí: Dátaí Grúpaí
- Nuacht Idirnáisiúnta
- Global Goals - Ceacht is mó ar Domhan
- Nuacht Eile


## Fáilte ar ais!!

### Táimid ag dúil go mbeidh 2016-17 mar shárbhliain arís againn.

Tá scoileanna TÉ ag coinneáil leis an scothiarracht atá ar siúl acu i gclár gradamach Éicea-scoileanna, agus lion suntasach gradam Brat Glas gnóthaithe don 5ú bliain as a chéile i 2015/16 nuair a bhain 136 scoil an gradam clúiteach idirnáisiúnta seo.

Is ionann seo agus méadú bliain ar bhliain 5 bliana as a chéile ar an lion scoileanna a ghnóthaigh an gradam, ó 55 i 2010/11 go 97 i 2011/12; 103 i 2012/13; 114 i 2013/14; 128 i 2014/15 agus an churadhiarracht anois 136 i scoilbhliain 2015/16. Féach an liosta iomlán scoileanna a ghnóthaigh Brat Glas i 2015/16.

Táimid ag súil le tógáil ar an scothbhliain seo agus tacú le tuilleadh scoileanna stádas Brat Glas a bhaint amach. Féach ar an nuachtlitir agus ar ár suíomh gréasáin, twitter agus facebook le haghaidh smaointe agus déan teagmháil linn le ceisteanna atá agat faoin chlár eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org.




*Daltaí de chuid St Kieran's Primary, Campbell College Junior School, Christ the Redeemer Primary, Greenwood Primary agus Knockbreda Primary ag ceiliúradh an Bhrait Ghlais ag Halla na Cathrach.*

## Spriocdhátaí 2016-2017d'iarratais an Bhrait Ghlais.

Glactar le hiarratais do Bhrat Glas i rith na bliana ach seo thíos spriocdhátaí más mian leat measúnú roimh am áirithe sa bhliain:




- Measúnú **roimh an Nollaig**: **4 Samhain 2016**
- Measúnú **roimh an Cháisc**: **6 Eanáir 2017**
- Measúnú **samhraidh** (roimh 23 Meitheamh): **10 Márta 2017**

*Ní eagrófar measúnuithe don tseachtain dar tús 26 Meitheamh*

Déanfaimid ár ndícheall scoileanna a mheas taobh amuigh de na spriocdhátaí seo ach bíonn sé deacair, go háirithe i rith an tsamhraidh, a bhíonn gnóthach. Bí chun tosaigh ar an slua mar sin agus cuir isteach d'iarratas gan mhoill.

## Ambasadóirí Éicea-Scoileanna

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh an scéim Ambasadóirí á leathnú amach chuig tuilleadh Éicea-Scoileanna iontacha.

Is aitheantas í an Ambasadóireacht gur Éicea-Scoil cheannródaíoch spreagúil sibh ina mbíonn ardleibhéal ceannaireachta ag daltaí agus tacaíocht ón scoil ar fad a chinntíonn go bhfuil an inbhuanaitheacht neadaithe sa scoil.

In éineacht leis an Bhrat Ghlas a choinneáil beidh an t-Ambasadóir mar eiseamláir ar an dea-chleachtas sa chlár Éicea-Scoileanna agus beidh siad ag comhoibriú agus ag tacú le scoileanna eile nach bhfuil an oiread céanna taithí acu.



*Belmont Primary School ag cur fáilte roimh chuairteoirí idirnáisiúnta i 2015.*

Léigh tuilleadh ar ár suíomh gréasáin agus déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org le haghaidh tuilleadh eolais agus foirm iarratais ar stádas Ambasadóra d'Éicea-Scoileanna.

# Óglaigh de dhíth!

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid Measúnóirí don Bhrat Glas a chuidigh linn sárbhliain a bheith againn i 2015/16. Murach sibh ní bheimis ábalta clár chomh maith sin a chur ar fáil.

Bíonn measúnóirí nua á lorg i gcónaí ag Éicea-Scoileanna, a bheadh ábalta cúpla lá sa bhliain a thabhairt le 2 mheasúnú ar a laghad a dhéanamh. Más díograiseoir/oideachasóir timpeallachta thú, agus/nó má tá spéis agat ógánaigh a spreagadh/ghríosú le haire a thabhairt don timpeallacht, bí i dteagmháil linn. Fáilte roimh mheasúnóirí a bhfuil Gaeilge acu. (Beidh dearbhú Access NI ag gach measúnóir.)


**27 Mean Fómhair ó 9rn go 2.30in an chéad lá oiliúna eile do Mheasúnóirí an Bhrait Ghlais.**

Tá óglaigh á lorg againn fosta le cuidiú le hobair eile riaracháin a dhéanaimid don chlár. Bí i dteagmháil linn más féidir leat am a thabhairt.

# Clár Éicea-Scoileanna - meabhráin and scéalta nua.

Is fiú i gcónaí cuimhneamh ar struchtúir chlár Éicea-Scoileanna go háirithe má tá tú ag obair air le roinnt blianta..

Tá 7 gcéim sa chlár idirnáisiúnta agus déantar measúnú de réir na ngníomhaíochtaí sna réimsí seo. Tuilleadh faoi na 7 gcéim anseo.




Tá 10 dtopaic againn i dTÉ óna roghnaítear 3 cinn le hobair orthu. Do na duaiseanna Éicea-Scoileanna ní mór obair ar aon topaic mhór agus 2 mhiontopaic is féidir a choinneáil ar siúl go dtí an chéad Bhrat Glas. Ina dhiaidh sin molaimid topaicí a athrú agus/nó topaic nua a thabhairt isteach leis an úire a choinneáil i do chlár. Tuilleadh faoi na topaicí anseo.

Beidh ort a chur in iúl san iarratas ar **Bhrat Glas** cad atá déanta agat sna 7 gcéim faoi seach. Go dtí seo is iarratas páipéir a bhí ann ach anois tá áthas orainn gur **próiseas ar-líne** a bheas ann. Beidh tuilleadh eolais faoi seo sa chéad nuachtlitir eile. Beidh do shonraí logáil isteach de dhíth ort, mar sin bí i dteagmháil linn má tá sin dearmadta agat.

Bí cinnte go bhfuil na sonraí teagmhála is déanaí againn don scoil s'agat. Má tá athrú ar struchtúr na foirne nó ar d'ainm/r-phost féin, cuir ar an eolas muid.

# Nuacht ó Scoileanna:

## Lá Oscailte Tailte Scoile ag Ballycraigy Primary.

D'eagraigh Ballycraigy Primary, Ambasadóir Éicea-Scoileanna do Thailte Scoile, an dara lá oscailte garraí scoile ar 27 Meitheamh. Tháinig chóir a bheith 30 scoil i láthair leis an obair iontach a fheiceáil sa gharraí, sa limistéar dúlra, sa chlós scoile agus ar ndóigh na cearca! Thug Jocelyn Brown, Éicea-Chomhordaitheoir na scoile, na haíonna thart timpeall, in éineacht le daltaí agus tuistí. Toisc gur iarradh ar thuismitheoirí a bheith páirteach i ngarraí na scoile tá difear mór ar chuma na scoile agus ar a ról sa phobal áitiúil. Tá airgead bailithe ag an scoil, duaiseanna bainte aici agus gnólachtaí áitiúla páirteach sna gníomhaíochtaí ar thailte na scoile. I ngeall air sin uile tá ionad foghlama allamuigh iontach acu a bhfuil na daltaí bródúil as agus a mbaineann siad leas as.



*Thaispeáin daltaí agus tuistí an tsárobair gharraíodóireachta s'acu le linn Lá Oscailte Ballycraigy PS*

## Lá Glas ag deireadh téarma ag Ulidia Integrated College.

D'eagraigh Ulidia Integrated College, Ambasadóir Éicea-Scoileanna le haghaidh Peirspictíochtaí Domhanda, an Lá Glas bliantúil ag deireadh an téarma. Bíonn an scoil ar fad gafa le gníomhaíochtaí timpeallachta atá oideachasúil agus spraíúil. I mbliana thug Ulidia cuireadh do dhaltaí as Acorn Integrated Primary le sult a bhaint as an lá. Tá Ulidia mar mheantóir ag Acorn atá ag díriú ar a gcéad Bhrat Glas i mbliana. Labhair aíonna ó Éicea-Scoileanna, Trócaire, Ulster Wildlife, Ollscoil na Ríona agus ISL agus bhí taispeántas éan creiche ann ag deireadh an lae. Thóg na daltaí bruscar agus rinne plandú faoin scoil agus sa cheantar thart timpeall uirthi.



*Thóg daltaí de chuid Ulidia bruscar fá chladach Loch Lao ar an Lá Glas i mí an Mheithimh.*

# Nuacht ó na Comhairlí:

## Cruinnithe cnuasghrúpaí Éicea-Scoileanna.

**Trí na himeachtaí seo a chur ar siúl tugann na Comhairlí tacaíochta deis daoibh bualadh le hionadaithe áitiúla, le foireann Éicea-Scoileanna, le scoileanna eile agus le heagrais eile timpeallachta lena fháil amach cén tacaíocht atá ann le haghaidh bhur gcláir i mbliana.**

### An tlúr, Múrna agus an Dún:

**28 Meán Fómhair @ 12.30, Clós Shliabh gCuillinn: teagmháil le Patrick McShane**
**29 Meán Fómhair @ 14.00 , Downshire Civic Centre : teagmháil le Rebecca McGreevy**

### Aontroim Láir agus Thoir:

**4 Deireadh Fómhair, 5 DF agus 6 DF - am agus áit le socrú: teagmháil Barry Tapster**

Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna'

# Cuairt Éicea-Scoileanna ar EduFestNI 2016

Bhí an-áthas ar bhaill foirne ó Éicea-Scoileanna freastal ar EduFestNI ag Cullybackey College ar 16 Lúnasa. Ba deis iontach é casadh le múinteoirí spreagúla agus a bheith páirteach i seisiúin spéisiúla. Bhí thart ar 300 múinteoir ann agus 40 stainnín le feiceáil.

Chuaigh Neil McAllister ó Fairview Primary and Jocelyn Brown ó Ballycraigy Primary i bhfeidhm orainn leis an chuntas a thug siad ar rathúnas a gcuid gníomhaíochtaí i gclár Éicea-Scoileanna.




## Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:

### Léargas ar Fheachtas Bruscair Wrigley 2015/16.

Seoladh an dara bliain den Fheachtas Cuid II i Meán Fómhair 2015, agus reáchtáladh é i 22 tír ina bhfuil Éicea-Scoileanna. Bíonn tionchar mór i dtólamh aige, agus anuas air sin, téann sé i gcion ar iompar na rannpháirtithe ar fud an domhain. Is féidir scéalta faoi scoileanna a léamh anseo. Má tá spéis agat páirt a ghlacadh i mbliana déan teagmháil le Ruth Van Ry.

### Ailt bhuacha TÓT (YRE) foilsithe ag an Huffington Post.

Féach ar na hailt bhuacha spreagúla ó Thuairisceoirí Óga Timpeallachta na bliana anuraidh sa Huffington Post. Tá súil againn go mbeidh daltaí lar-Bhunscoile spreagtha le páirt a ghlacadh arís i mbliana. Tuilleadh sonraí ar ár suíomh idirlín.

### FOI tiomanta do Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe

Mar eagraíocht dhomhanda, múnlaíonn agus aibhsíonn Fondúireacht Oideachas Imshaoil (FOI) a ról mar pháirtí leasmhar agus mar cheannródaí i bpróiseas na Forbartha Inbhuanaithe, go háirithe i dtaca le cúrsaí timpeallachta, oideachasúla agus éicea-thurasóireachta. Léigh tuilleadh...

Mar chuid den tiomantas seo, ba mhaith linne scoileanna a ghríosú a bheith páirteach sa Cheacht is Mó ar Domhan.

## Ceacht Domhanda le linn na seachtaine dar tús 18 Meán Fómhair 2016.

I Meán Fómhair 2015 chomhaontaigh Ceannairí Domhanda Cuspóirí Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe. 17 gcuspóir le 3 rudaí iontacha a bhaint amach sna chéad 15 bliana eile. Deireadh a chur le fíorbhochtaineacht. Cur in aghaidh éagothroime agus éagóra. An t-athrú aeráide a leasú. Leis na Cuspóirí sin a bhaint amach caithfidh óg agus aosta páirt a ghlacadh. Bígí linn, bígí ag múineadh ranganna faoi na Cuspóirí agus gríosaígí an ghlúin óg leis an domhan a athrú.

Cliceáil anseo agus gheobhaidh tú na hacmhainní uilig atá de dhíth leis na Cuspóirí Domhanda a mhíniú do dhaoine óga, páirt a ghlacadh agus dul i mun gnímh.

## Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

### Bronnadh an Bhrait Ghlais ar Pháirceanna

D'fhógair Keep Northern Ireland Beautiful, i gcomhpháirt le Heyn Environmental Solutions, na páirceanna agus na hachair ghlasa a bhfuil Brat Glas gradamach páirceanna bronnta orthu.

Ba ionad foirfe é Pálás agus Diméin Ard Mhacha, nuair a fuair 51 páirc agus achar glas a ngradam, as dianchaighdeáin a shárú maidir le bainistiú achair ghlasa agus áiseanna cuairteoirí - is comhartha ar scoth páirce nó achar glas den scoth é an brat, a aithnítear ar fud an domhain.

Don séasúr 2016/17, d'áirigh Keep Northern Ireland Beautiful méadú leanúnach ar pháirceanna poiblí, páirceanna tuaithe, reiligí agus achair ghlasa a chomhlíon na dianchaighdeáin.

Tá liosta de na páirceanna buacha ar shuíomh gréasáin Keep Northern Ireland Beautiful. Nárbh fhiú duit féachaint an bhfuil ceann in aice leatsa le dul amach ann agus seisiún foghlaim lasmuigh a shocrú in ionad a thuill gradam?

**Ná déan dearmad gur féidir leat tacaíocht a thabhairt don fheachtas Live Here Love Here agus scéalta is deanaí a fháil faoi chúrsaí i do phobal féin.**




*Bronnadh Brat Glas ar 51 Páirc agus Achar Glas le haghaidh 2016/17.*

## Nuacht Eile: Taisteal gníomhach—Sustrans ar lorg scoileanna don tionscnamh.




Killylea Primary

Beidh Sustrans ag cur chun cinn an Clár Taisteal Scoile Gníomhach ar fud TÉ go ceann 5 bliana le maoiniú ón Roinn Infreastruchtúir agus ón Ghníomhaireacht Sláinte Phoiblí. Clár iontach é seo do scoileanna ar mhaith leo tuilleadh daltaí dá gcuid teacht ar scoil ar bhealach níos gníomhaí agus níos folláine. Cuideoidh an tionscnamh le do scoil dul ar aghaidh sna topaicí Éicea-Scoileanna a bhaineann le hIompar, Maireachtáil Fhollain agus Athrú Aeráide.

Tá siad anois ag earcú scoileanna le páirt a ghlacadh sa chlár saor in aisce seo a thosóidh i nDeireadh Fómhair 2016. Dá mba mhaith leat a bheith páirteach sa chlár, téigh chuig an suíomh gréasáin leis an fhoirm iarratais agus ábhar tacaíochta a íoslódáil. Cuir isteach an fhoirm iarratais roimh an **Aoine, 25 Meán Fómhair 2016**. Sin nó féadann tú an t-ábhar iarratais a fháil trí r-phost a chur chuig schoolsNI@sustrans.org.uk nó glaoch ar 028 9043 4569.

## Iontaobhas na gCoillte - crainn agus acmhainní teagaisc saor in aisce ar fáil.




Tá cuireadh ar scoileanna cur isteach ar phacaí crann ó Iontaobhas na gCoillte le plandú san Earrach nó san Fhómhar. Tá rogha méide agus speiceas sna pacaí crann, ó 30 crann dúchas a dhéanfadh roschoill go 420 crann le haghaidh achair ar mhéid páirc mhór peile. Tig le scoileanna cur isteach ar dhá phaca sa bhliain – tá siad iontach le haghaidh clubanna garraíodóireachta agus le do scoil a dhéanamh neamhdhíobhálach don chomhshaol. Tá rogha idir 6 théama ann – ó speicis a mheallfaidh an dúlra go crainn aitheanta a bheidh dathúil ar feadh na bliana nó a mbeidh cnuasach álainn fiáin orthu. Le tuilleadh eolais a fháil nó le cur isteach ar na crainn téigh chuig www.woodlandtrust.org.uk/freetrees.

Tá acmhainní tacaíochta, Brat Glas na gCrann do scoileanna san áireamh, ar fáil ag www.woodlandtrust.org.uk/schools.




## Tuilleadh grianghraf Brat Glas ó Mheitheamh 2016.

Is iontach linn i gcónaí eolas agus díograis na ndaltaí agus na foirne sna scoileanna a bhuaigh Brat Glas agus tá siad le moladh go mór as a bhfuil bainte amach acu.




*St Joseph's Primary, Loch Cuan.*




*Windmill Integrated Primary, Port an Dúnáin.*

**Déan Teagmháil linn:**
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org
Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Teil: 028 9073 6920

DAERA
Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
www.daera-ni.gov.uk

**Faigheann an clár Éicea-Scoileanna tacaíocht ó DAERA**

**Ná stad ansin! Gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna TÉ le haghaidh tuilleadh scéalta, smaointe faoi thionscnaimh, treoir faoin chlár, cás-staidéir, eolas faoi pháirtnéirí, agus a lán eile.**